
# **Iarscríbhinn I – Cúrsaí praiticiúla**
## Forbhreathnú ar Chúnant na Méaraí – an Eoraip

**TRÍ CHOLÚN** as a n-eascraíonn gníomhaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, an athléimneacht a neartú, dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus aistriú cóir a áirithiú.

Covenant of Mayors
for Climate & Energy
EUROPE




**GEALLTANAS**



Gealltanais an Chúnaint a ghlacadh le cinneadh ón gcomhairle bhardasach

Clárú ar eumayors.eu agus na gealltanais shínithe a uaslódáil

Cuspóirí agus spriocanna cathrach a leagan síos

**GNÍOMH**



Fardail agus measúnuithe a dhéanamh le haghaidh na gcolún ‘maolú’ agus ‘oiriúnú’

Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe agus leis an Aeráid (SECAP) a fhorbairt

Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu, agus tuairisciú a dhéanamh ar ardán Eorpach de chuid an Chúnaint

**CAIDREAMH**



Comhaontú áitiúil aeráide nó a leithéid a fhorbairt

Leas a bhaint as gealltanais ó shaoránaigh, ó ghnólachtaí agus ón rialtas ar gach leibhéal

Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a áirithiú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na gníomhaíochta ar son na haeráide araon

**LÍONRA**



Samplaí dea-chleachtais a ullmhú den ghníomhaíocht a cuireadh chun feidhme

Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí abhcóideachta ar leibhéal domhanda agus réigiúnach

Tagairt agus rannpháirtíocht a spreagadh i ngluaiseacht Chúnant na Méaraí ar leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, chomh maith le tionscnaimh ghaolmhara

## **Iarscríbhinn I – Cúrsaí praiticiúla**
Gealltanais oibríochtúla

**AISTEAR NA CATHRACH:** ní hionann aistear gach cathrach.
Is féidir an cosán tagartha seo a chur in oiriúint de réir mar is gá.




Laistigh den aistear cathrach, ní mór cloí le **FRÁMAÍ AMA** áirithe le híoscheanglais de chuid an Chúnaint a chomhlíonadh. Glacann sínitheoirí le fionraí i gcás nach gcuireann siad doiciméid ar fáil.

**GEALLTANAS**

**SPRIOCANNA A LEAGAN SÍOS**
laistigh de 2 bhliain

Spriocanna a leagan síos chun astaíochtaí a laghdú
Spriocanna a leagan síos chun an athléimneacht a neartú
Spriocanna a leagan síos maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus leis an aistriú cóir ( á fhorbairt)

**BONNLÍNE A MHEASÚNÚ**
laistigh de 2 bhliain

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas agus fardal a chruthú
Rioscaí an athraithe aeráide agus leochaileachtaí a mheas

**SECAP A FHORBAIRT**
laistigh de 2 bhliain

**FAIREACHÁN & TUAIRISCIÚ**
gach 2 bhliain

**FAIREACHÁN & TUAIRISCIÚ**
gach 2 bhliain

**FAIREACHÁN & TUAIRISCIÚ**
gach 2 bhliain

Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe agus leis an Aeráid (SECAP) a fhorbairt, lena n-áirítear maolú, oiriúnú, bochtaineacht fuinnimh, agus aistriú cóir.

Tuairisciú do Chúnant na hEorpa.

Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme SECAP agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn gach 2 bhliain, agus na híoscheanglais a chomhlíonadh mar a shonraítear sna treoirlínte tuairiscithe de chuid an Chúnaint.

Nuashonruithe ar fhardail astaíochtaí faireacháin a chur san áireamh gach 4 bliana ar a laghad agus nuashonruithe ar an riosca aeráide agus measúnuithe leochaileachta a chuimsiú de réir mar a chuirtear faisnéis ar fáil.

# Iarscríbhinn I – Cúrsaí praiticiúla
Creat tacaíochta do shínitheoirí

## CEISTEANNA: is féidir ceisteanna a sheoladh



**chuig an Deasc Chabhrach Lárnach**

maidir le hábhair ghinearálta agus tuairisciú in MyCovenant

info@eumayors.eu
+32 2 646 84 24

**chuig an Deasc Chabhrach Theicniúil**

maidir le faireachán, tuairisciú agus meastóireacht

JRC-COM-TECHNICAL-HELPDESK@ec.europa.eu
JRC-COM-ADAPT@ec.europa.eu
+39 033 278 53 99

**chuig Comhordaitheoirí an Chúnaint**

le haghaidh cúnaimh ó údaráis sa chomhthéacs náisiúnta agus sa teanga náisiúnta

Tá liosta iomlán na gcomhordaitheoirí le fáil ar láithreán gréasáin Chúnant na Méaraí – an Eoraip.

**chuig Lucht Tacaíochta an Chúnaint**

le haghaidh deiseanna cúnaimh a d’fhéadfadh a bheith ag teacht le tionscnaimh atá ann cheana

Tá liosta den lucht tacaíochta go léir le fáil ar láithreán gréasáin Chúnant na Méaraí – an Eoraip.

## BAILÍOCHTÚ SECAP: déanfar é seo tar éis a thaiscthe.

**Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh**

a dhéanfaidh é de réir creat meastóireachta láidir, comhsheasmhach, trédhearcach agus comhchuibhithe chun iontaofacht Chúnant na Méaraí – an Eoraip a áirithiú. Cuirfear aiseolas saincheaptha ar fáil do shínitheoirí.



## RANNPHÁIRTÍOCHT & TACAÍOCHT atá curtha in oiriúint do riachtanais na cathrach á gcur ar fáil ag



**Cúnant na Méaraí – Oifig na hEorpa**

lena gcuirtear chun cinn deiseanna líonraithe, comhair agus malartaithe eolais chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha acmhainne amhail cláir agus oiliúint piarfhoghlama, agus tá liosta díobh sin go léir le fail ar an bhféilire imeachtaí ar líne

**Comhordaitheoirí, Tacadóirí agus comhpháirtithe eile**

a chuireann tacaíocht ar fáil don chomhar ar fud gach leibhéil rialtais agus gach earnáil den tsochaí chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide

## ABHCÓIDEACHT & INFHEICTHEACHT á gcur ar fáil ag

**Comhlachtaí rialachais Chúnant na Méaraí – an Eoraip agus ag institiúidí an Aontais Eorpaigh**

amhail Bord Chúnant na Méaraí – an Eoraip, Coiste na Réigiún agus a ambasadóirí le Cúnant na Méaraí, agus an Coimisiún Eorpach

**tionscnaimh shuaitheanta eile de chuid an Aontais**

lena dtéann Cúnant na Méaraí – an Eoraip i gcomhpháirt chun tuilleadh rannpháirtíochta a sholáthar do na sínitheoirí ar théamaí gaolmhara, amhail Comhaontú Aeráide na hEorpa, Bauhaus Nua na hEorpa, agus Margadh Cathracha Cliste



**Cúnant Domhanda na Méaraí**


a thugann guth aontaithe do shínitheoirí ar an leibhéal domhanda

Cuirtear dul chun cinn na gcathracha ar fáil go poiblí trí phróifíl an tsínitheora ar láithreán gréasáin an Chúnaint Dhomhanda agus ar ardáin ghaolmhara.

# **Iarscríbhinn II – Comhthéacs beartais an Aontais Eorpaigh**
Uaillmhianta athneartaithe

**Tráth a bhfuil an Eoraip agus an domhan ag druidim leis na deich mbliana roimh 2030**, leanann Cúnant na Méaraí – an Eoraip de chinntiú go ndéantar tosaíocht mhór na linne de na trí cholún (maolú, oiriúnú agus bochtaineacht fuinnimh) agus go mbeidh gníomhaíocht uaillmhianach ina toradh air sin.

Faoin bhfís sin, beidh saoránaigh go léir na hEorpa ag maireachtáil i gcathracha dícharbónaithe athléimneacha atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de **faoi 2050**, agus go mbeidh rochtain againn ar fad ar fhuinneamh atá inacmhainne, slán agus inbhuanaithe fad a bheidh aistriú cóir ar siúl.




I bhfianaise
na mblianta amach romhainn,
tá a uaillmhian athneartaithe ag an Aontas Eorpach trí ghlacadh Chomhaontú Glas don Eoraip a chur chun cinn. Faoin gComhaontú sin, leagtar síos sprioc maidir le laghdú 55% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus tá fís fhadtéarmach ann chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

Tá na cuspóirí sin – mar a chumhdaítear i bPlean 2030 maidir le Spriocanna Aeráide agus i nDlí an Aontais maidir leis an Aeráid – le baint amach trí athrú claochlaitheach i ngach earnáil dár sochaí. Athrú claochlaitheach a bheidh ann faoina gcuimseofar gach leibhéal rialachais.

Tá deis ar leith ag Cúnant na Méaraí – an Eoraip chun na gealltanais athneartaithe sin a ghlacadh agus chun borradh a chur faoin ngníomhaíocht.



# **Iarscríbhinn III – Acmhainní**
## Treoir agus forbairt acmhainní

D'fhorbair Oifig na Méaraí go leor acmhainní le roinnt blianta anuas chun béim a leagan ar thaithí shínitheoirí an Chúnaint.

Tá na hacmhainní go léir ar fáil go poiblí sa **leabharlann** ar láithreán gréasáin an Chúnaint. Anseo thíos tá léargas de na príomhchineálacha acmhainní is féidir a fháil ann.

### TREOIR MHODHEOLAÍOCHTA

**Treoirlínte an Chúnaint maidir le Tuairisciú agus físeáin teagaisc** maidir le tuairisciú don Chúnant

**Treoirleabhair Mhearthagartha** maidir le pleananna gníomhaíochta comhpháirteacha, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme, agus anailís ghrúpa SECAP

**Treoirleabhar JRC** maidir le prionsabail mhodheolaíochta, nósanna imeachta, agus dea-chleachtas chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt



Comhthiomsú na treorach modheolaíochta go léir

### FORBAIRT ACMHAINNE

**Seimineáir ghréasáin** atá tiomanta do réimse ábhair aeráide agus fuinnimh, ina léirítear taithí phraiticiúil agus ceachtanna a foghlaimíodh



éifeachtúlacht fuinnimh
téamh agus fuarú
soghluaisteacht inbhuanaithe
oiriúnú don athrú aeráide
réitigh nádúr-bhunaithe
an geilleagar ciorclach
bochtaineacht fuinnimh
cistiú agus maoiniú
rannpháirtíocht na saoránach

**Ceardlanna**, lena n-áirítear cruinnithe a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith, atá curtha in oiriúint do riachtanais na sínitheoirí

**Cláir phiarfhoghlama** atá curtha in oiriúint do shínitheoirí ag céimeanna éagsúla an aistir i dtreo oiriúnú don athrú aeráide agus maolú air



**Iarscríbhinn III – Acmhainní**
Comhroinnt eolais agus uirlisí

## COMHROINNT EOLAIS

**Cás-staidéir** chun eolas a chomhroinnt agus chun foghlaim ó thaithí na gcathracha a shínigh an Cúnant



**Foilseacháin théamacha maidir leo seo a leanas:**

Deiseanna cistithe agus maoinithe atá comhthiomsaithe i sraith ar scéimeanna nuálacha, cabhair maidir le forbairt tionscadal, maoiniú ón Aontas, agus ionstraimí institiúidí airgeadais

Bearta oiriúnaithe chun ullmhú do thuilte, tonnta teasa, agus tionchair an athraithe aeráide

Bochtaineacht fuinnimh: acmhainní agus taithí na gcathracha a shínigh an Cúnant

## UIRLISÍ



**Treoir Idirghníomhach maidir le Cistiú:** ⇨ deiseanna maoinithe agus cistithe in aon áit amháin

**Uirlis Tacaíochta don Oiriúint Uirbeach:** ⇨treoir ar an timthriall oiriúnaithe iomlán agus tagairtí d'acmhainní

**Ardán ríomhfhoghlama** ⇨modúil théamacha in MyCovenant ar ghealltanais an Chúnaint

Féach an roinn **nuachta** ar láithreán gréasáin an Chúnaint chun coinneáil ar an eolas faoi gach rud a bhaineann leis an gCúnant chomh maith le tionscnaimh aeráide agus fuinnimh eile.

Féach ar an bhféilire **imeachtaí** chun forléargas a fháil ar na deiseanna uile a bhaineann le malartú, comhroinnt eolais agus forbairt acmhainní.

**Lean an Cúnant ar** **eumayors.eu** | | | YouTube

Arna fhoilsiú ag Cúnant na Méaraí – Oifig na hEorpa in Aibreán 2021.

© An tAontas Eorpach, 2021.
Ní bheidh aon dliteanas d'aon chineál ar an gCoimisiún Eorpach mar thoradh ar an bhfoilseachán seo.

*Cuid de* GLOBAL COVENANT of MAYORS for CLIMATE & ENERGY